

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

Daonáireamh
2016
TORTHAÍ
www.cso.ie

Torthaí Achoimre Dhaonáireamh 2016 – Cuid 2

Sliocht faoin Oideachas

Oideachas

Sliocht as Torthaí Achoimre Dhaonáireamh 2016 - Cuid 2

Rannpháirtíocht in oideachas

Dearcadh stairiúil

Oideachas agus dífhostaíocht

Réimse staidéir

Moilliú ar mhéadú líon na scoláirí


Chonacthas méadú i nDaonáireamh 2016 ar líon na scoláirí in aois 15 agus os a chionn i gcomparáid le 2011, é ardaithé ó 408,838 scoláire go 427,128 - méadú 4.5% nó 18,290 duine.

B'ionann le scoláirí fireanna agus 53.9 faoin gcéad den mhéadú seo, rud a d'fhág sciar fireann ní b'airde den daonra scoláire - 49.4 faoin gcéad a bhí ann in 2016, méadú ar an sciar 49.2 faoin gcéad in 2011.

Le linn an tréimhse idirdhaonáirimh dheireanach, 2006 go 2011, tháinig fás ní ba láidre ar líon na scoláirí, méadú de 59,242 duine nó 16.9 faoin gcéad thar tréimhse cúig bliana. Fireannaigh a bhí in 61.7 faoin gcéad den mhéadú sin.

[Féach tábla gréasáin EZ001](#)

Léaráid 7.1 Líon iomlán scoláirí, 2006, 2011 agus 2016




Bearna idir rátaí oideachais na mban agu na bhfear laghdaithe go mór

Tá treocht leanúnach le braith i dtorthaí daonáirimh siar na blianta maidir le leibhéal níos airde de rannpháirtíocht ag baineannaigh san oideachas idir 19 agus 22 bhliain d'aois (blianta an choláiste) i gcomparáid le fireannaigh. Tá an treocht chéanna le feiceáil i nDaonáireamh 2016.

Ráta rannpháirtíochta oideachais de 59.5 faoin gcéad a bhí ann i measc baineannach san aoisghrúpa, a fhad agus a bhí ráta 52.8 faoin gcéad (6.7 faoin gcéad ní ba lú) i measc fireannach. Feictear an deighilt is mó idir daoine 20 bliain d'aois, le 65.5 faoin gcéad de bhaineannaigh ag tuairisciú gur scoláire iad, i gcomparáid le 56.7 faoin gcéad d'fhireannaigh ag an aois sin.

I gcás an dá inscne tá méadú tagtha ar rátaí ó 2011 i leith - rannpháirtíocht i measc fireannach ardaithé ó 48.8 faoin gcéad in 2011 go 52.8 faoin gcéad in 2016, agus ráta comhionann i measc baineannach ardaithé ó 55.1 faoin gcéad go 59.5 faoin gcéad sa tréimhse chéanna.

Léaráid 7.2 Ráta rannpháirtíochta fireannach agus baineannach 19-22 bhliain d'aois i mbun oideachais, 2002-2016



Dearcadh stairiúil


Is féidir feabhas síoraí seasta ar ghnóthachtáil san oideachas a fheiceáil sna torthaí daonáirimh 2016. Fuair 34.4 faoin gcéad díobh siúd a bhí in aois 60 nó os a chionn oideachas go leibhéal na bunscoile ar a mhéid. Seasann sé seo i gcomparáid le sciar 3.6 faoin gcéad de dhaoine san aoisghrúpa 15-39. Feictear suntas an fheabhais seo nuair a dhéantar comparáid leis na rátaí comhionanna ó mbliain 2011.

Daonra níos oílte


Is féidir an méadú leanúnach ar sciar na ndaoine óga le cáilíocht tríú leibhéal a fheiceáil i Léaráid 7.3. In Aibreán 2016, bhí oiliúint go dtí an tríú leibhéal ag 49.8 faoin gcéad de dhaoine san aoisghrúpa 30-39 (ardaithe ó 46.5% sa bhliain 2011) i gcomparáid le 33.0 faoin gcéad den aoisghrúpa 50-59 (ardaithe ó 27.1% cúig bliana ní ba luaithe).

[Féach tábla gréasáin EZ055](#)

Léaráid 7.3 Céatadán daoine le cáilíocht tríú leibhéal de réir aoise, 2006, 2011 agus 2016



Léaráid 7.4 Ráta dífhostaíochta de réir leibhéal oideachais bainte amach go dáta, 2016



- Fireannaigh
- Baineannaigh
- - - Meánráta na bhfireannach
- - - Meánráta na mbaineannach

Oideachas agus dífhostaíocht

Taispeántar i Léaráid 7.4 an gaol idir leibhéal oideachais agus dífhostaíocht in Aibreán 2016. Bhí ráta dífhostaíochta de 34.6 faoin gcéad ag an am i measc daoine le leibhéal bunscoile ar a mhéid bainte amach acu. Ráta de 6.2 faoin gcéad a bhí ann i measc daoine le cáilíocht tríú leibhéal nó ní b'airde. De réir mar a thagann ardú ar an leibhéal oideachais, tagann meath ar an ráta dífhostaíochta.

Bhí ráta dífhostaíochta ní b'airde ag baineannaigh ná ag fireannaigh ar leibhéal oideachais bunscoile nó meánscoile íochtarach. A mhalairt a bhí fíor i gcás daoine a fuair oiliúint go dtí an leibhéal meánscoile uachtarach nó an tríú leibhéal - ráta ní ba lú a bhí ag baineannaigh ná ag fireannaigh. Mar léiriú ar an méid seo, in 2016 bhí 5.9 faoin gcéad de mhná le céim tríú leibhéal dífhostaithe, i gcomparáid le 6.5 faoin gcéad d'fhir.

Riar scileanna an daonra

As an daonra iomlán in aois 15 agus os a chionn a raibh críochnaithe lena n-oideachas, thug 50.5 faoin gcéad, nó 1,563,969 daoine, le fios go raibh cáilíocht acu nach í an Teastas Shóisearach nó an Ardteistiméireacht í. Ní mar an gcéanna an sciar ó aois go haois - beagán le cois dhá trian den aoisghrúpa 25-34 (66.0%) a dúirt go raibh cáilíocht acu i gcomparáid le 27.4 faoin gcéad de dhaoine in aois 65 agus os a chionn.

An Réimse Staidéir ba mhó a raibh cáilíocht ag daoine ann in 2016 ná Eolaíochtaí Sóisialta, Gnó & Dlí - réimse ina áiríodh 453,971 daoine (méadaithe ó 413,959 daoine sa bhliain 2011), sciar 29.0 faoin gcéad d'fhreagróirí. Bhí Innealtóireacht, Déantúsaíocht & Foirgníocht mar an dara chatagóir ba choitianta anuraidh le 272,231 daoine (laghdaithe ó 284,925 daoine cúig bliana roimhe sin).

Feictear difríochtaí suntasacha idir na hinscíní i gcatagóirí staidéir áirithe, le móramh suntasach an lucht staidéir (os cionn 90 faoin gcéad) ag eascairt as inscne amháin nó an inscne eile. Is iad na samplaí is suntasaí de seo ná oiliúint mar mhúinteoirí réamhscoile (99.1%), i gcúram leanaí & seirbhísí don aos óg (97.4%) agus i rúnaíocht & obair oifige (96.7%) - mná a bhí rannpháirteach go príomha iontu seo. Anuas air sin, níorbh ach sciar fíorbheag de mhná le cáilíochtaí bainteach le mótarfheithiclí, longa & aerárthaí (1.4%).

[Féach tábla gréasáin EZ032](#)

Is í an fhírinne í!


90.7%

Céatadán d'fhireannaigh as iomlán na ndaoine le cáilíocht Innealtóireachta, Déantúsaíochta nó Foirgníochta

84.4%

Céatadán de bhaineannaigh as iomlán na ndaoine le cáilíocht Sláinte nó Leas an Duine

Léaráid 7.5 Réimse Staidéir, 2011 agus 2016




Réimse staidéir agus leibhéal oideachais

Leagtar amach i Léaráid 7.6 an réimse staidéir agus leibhéal oideachais a bhí bainte amach ag daoine a raibh críochnaithe leis an oideachas lánaimseartha ar bhonn inchomparáide do 2011 agus 2016. Feictear an sciar ba mhó daoine le cáilíocht tríú leibhéal i réimse na nDaonnachtaí (94.1%) agus an sciar ba lú sa réimse Talmhaíochta & Tréidliachta (40.9%).

Dá réir sin, ba sa réimse Talmhaíochta & Tréidliachta a bhí an sciar ba mhó daoine le leibhéal meánscoile íochtarach mar an leibhéal oideachais ab airde acu (30.2%).

[Féach tábla gréasáin EZ036](#)

Léaráid 7.6 Réimse staidéir de réir leibhéal oideachais, 2011 agus 2016



- Leibhéal meánscoile íochtarach ar a mhéid (lena n-áirítear daoine nár luadh a leibhéal)
- Leibhéal meánscoile uachtarach (lena n-áirítear oideachas teicniúil nó gairmiúil)
- Tríú leibhéal (lena n-áirítear prínitiseachtaí)